An tÚdarás Ceadúnúcháin um Báid Iascaireachta Mara

Tuarascáil Bhliantúil 2003

An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Éire

PRN 3204

An tÚdarás Ceadúnúcháin um Báid Iascaireachta Mara

Tuarascáil Bhliantúil 2003

An Roinn Cumarsáide, Mara
agus Acmhainní Nádúrtha,
Lána Chill Mochargán,
Baile Átha Cliath 2,
Éire

Telefón: -353-1-6782000
Faics: -353-1-6782369

PRN 3204

Tuarascáil don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ar chomhlíonadh feidhmeanna an Údaráis um Báid Iascaireachta Mara sa bhliain 2003, de bhun alt 3(7) den Acht Iascaireachta (Leasú) 2003.

Réamhrá

De bhun alt 3 den Acht Iascaireachta (Leasú) 2003 (Uimh. 21 de 2003), aistríodh feidhmiúchán ceadúnúcháin um báid iascaireachta mara ón Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha go dtí an Údarás Ceadúnúcháin um Báid Iascaireachta Mara le héifeacht ó 1 Iúil 2003. Mar a shannaítear san Acht sin, is é an tÚdarás Ceadúnúcháin an tArd-Chláraitheoir um Báid Iascaireachta Mara nó, faoi mhaoirseacht an Ard-Chláraitheora, an Leas-Ardchláraitheoir um Báid Iascaireachta.

Ceapann an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha an tArd-Chláraitheoir agus an Leas-Ardchláraitheoir faoi Rialachán 5 de na Rialacháin um Loingeas Marsantach (Clárú, Litreoireacht agus Uimhriú Bád Iascaireachta) 1997 (S.I. Uimh. 294 de 1997). Bhí an tUasal Thomas Tobin ina Ard-Chláraitheoir go dtí an 31 Lúnasa 2003. Tháinig an tUasal Aidan Hodson i gcomharbacht air le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2003. Dob é an tUasal James Moloney an Leas-Chláraitheoir.

Forálann Acht 2003 go mbeidh an tÚdarás Ceadúnúcháin neamhspleách i gcomhlíonadh a c(h)uid feidhmeanna faoi réir ag:

(a) an dlí atá i bhfeidhm ag an am maidir le ceadúnúchán bád iascaireachta, ag cuimsiú, go háirithe, aon oibleageáid ar an Stát de dhroim aon dlí ag institiúid na gComhphobal Eorpach nó aon chomhaontú eile idirnáisiúnta atá ceangailteach ar an Stát, agus

(b) cibé treoracha polasaí a thabharfaidh an tAire i scríbhinn ó am go ham maidir le ceadúnúchán bád iascaireachta.

Forálann Acht 2003 gur féidir achomharc a dhéanamh le hOifigeach Achomhairc, laistigh de mhí ón gcinneadh, ar aon chinnte ag an Údarás Ceadúnúcháin, ar aon iarratais ceadúnaithe nó ar chúlghairm nó leasú ceadúnais. Is féidir do dhuine atá míshásta le cinneadh an Oifigigh Achomhairc, laistigh de 3 mhí tar éis an chinnte, athbhreithniú dlithiúil ar an gcinneadh a lorg ar an Ard-Chúirt. Tá triúr Oifigeach Achomhairc ceaptha ag an Aire.

An Cúlra Reachtúil maidir le Ceadúnú agus Clárú

Tá an reachtaíocht a rialaíonn ceadúnú bád iascaireachta mara leagtha amach in alt 222B (mar atá malartaithe ag alt 4 den Acht Iascaireachta (Leasú) 2003) de Acht Iascaireachta (Comhdhlúthú) 1959. Is iad Cuid IV den Acht um Loingeas Marsantach 1894, mar a leasaíodh, agus na Rialacháin um Loingeas Marsantach (Clárú, Litreoireacht agus Uimhriú Bád Iascaireachta) 1997, reachtaíocht rialaithe clárúcháin bád iascaireachta.

I mí na Nollag 2002 ghlac Comhairle na nAirí le Rialachán ar chaomhnú agus shaothrú marthanach na n-acmhainní iascaireachta faoin gComhpholasaí Iascaireachta (Rialachán na Comhairle 2371/2002), a dhein leasú suntasach ar an bpolasaí a bhí i bhfeidhm maidir le bainistíocht loingeas iascaireachta, i measc rudaí eile. I Lúnasa 2003 ghlac an Coimisiún Eorpach le Rialachán (Rialachán an Choimisiúin 1438/2003) ag leagan síos rialacha feidhmiúcháin ar Pholasaí Longis an Chomhphobail mar a rianaítear i Rialachán na Comhairle.

Éilíonn Rialachán na Comhairle ar na Ballstáit bearta a fheidhmiú le hacmhainn a loingeas a cheartú d'fhonn buanchothromaíocht daingean idir a n-acmhainn iascaireachta agus a ndeiseanna iascaireachta a bhaint amach. Cumhachtaíonn sé Coimisiún na hEorpa leibhéil tagartha a bhunú do na Ballstáit ar leith i dtéarmaí tonnáiste agus cumhacht innill don loingeas ar fad iascaireachta faoi bhrat an Bhallstáit. Éilíonn sé ar na Ballstáit féachaint chuige nach sáraítear na leibhéil tagartha seo agus bainistiú a dhéanamh ar iontráil isteach sa loingeas agus imeacht as an loingeas ar chuma, ó 1 Eanáir 2003, go gcúitítear aon acmhainn bhreise sa loingeas, gan cúnamh poiblí, le réamhasbhaint den acmhainn chéanna ar a laghad, gan cúnamh poiblí. Leagann an Rialachán beartais amach maidir le cláir loingeas iascaireachta a choimeád ag na Ballstáit, chomh maith Clár Loingis an Chomhphobail, ina mbeidh eolas a sholáthróidh na Ballstáit maidir le tréithíochtaí agus gníomhaíochtaí na soitheach.

Sonraíonn Rialachán an Choimisiúin 1438/2003 den 12 Lúnasa 2003 na leibhéil tagartha do loingeas iascaireachta na mBallstát don 1 Eanáir 2003. Tá staid loingeas na hÉireann rianaithe thíos.

D'eisigh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha Treoir Pholasaí 1/2003 don Údarás Ceadúnúcháin ar an 4 Samhain 2003 ceadúnú bád iascaireachta a cheadú sna teascáin Sainiúil agus Uisceshaothrú den loingeas go nglacfar le polasaí cuimsitheach um cheadúnúchán bád iascaireachta mara. Ar an 17 Samhain 2003 d'eisigh an tAire Treoir Pholasaí 2/2003 don Údarás Ceadúnúcháin ag rianú polasaí cuimsitheach um cheadúnúchán bád iascaireachta mara, i bhfianaise nuafhorálacha an AE maidir le bainistíocht loingeas iascaireachta agus i bhfianaise athbhreithnithe ar staid loingeas iascaireachta na hÉireann agus an acmhainn a ghabhann leis.

Cur Síos ar Loingeas Iascaireachta na hÉireann

Ag teacht le Treoir Pholasaí 2/2003, tá catagóiriú déanta ar loingeas iascaireachta na hÉireann i gcúig theascán. Go bunúsach coinníonn an teascánú seo ar an loingeas an teascánú a leagadh síos i gCeathrú Treoir-Chlár Ilbhliantúil an AE, ar cuireadh Rialachán na Comhairle 2371/2002 ina háit, le teascán nua ar Uisceshaothrú. Ach amháin sna cúinsí a shonraítear sa Treoir Pholasaí, ní cheadaítear acmhainn a aistriú ó theascán go chéile agus ní mór acmhainn chúitimh a bhaint as an teascán ina bhfuil soitheach nua á cur isteach. Tá cur síos ginearálta ar theascáin an loingis, agus a gcomhdhéanamh i 2003, rianaithe thíos:

- *An Teascán Peiligeach Sáile Reoite (SR):* Tá 23 soitheach sa teascán seo agus iad ag gabháil den chuid is mó de iascaireacht speiceas peiligeacha (scadán, maicréal, bolmán, agus faoitín gorm den chuid is mó).

- *Teascán na dTrálaer Trasnáin*: Tá ocht soitheach sa teascán seo agus iad lántiomnaithe do thrálaeracht trasnánach.

- *An Teascán Ilfhiúsach:* Tá formhór an loingis, thart ar 1,300 soitheach sa teascán seo. Soithí ilfheidhme iad seo, ina measc soithí beaga cladaigh (lucht eangach agus lucht potaí), soithí meánacha agus móra do na farraigí móra a dhíríonn ar éisc gheala, éisc pheiligeacha agus éisc dhéchomhlacha shliogánacha. Cuimsíonn an teascán seo chomh maith soithí atá ag dul tríd an bpróiseas ceadúnúcháin agus atá cláraithe faoin Scéim um Cheadúnú Bád Traidisiúnta Iascaireachta Pota i Loingeas Cladaigh na hÉireann (féach thíos). Tá imfhál á chur ar na soithí seo, nach ceadmhach dóibh iascaireacht a dhéanamh ach ar speicis neamh-chuóta agus le potaí amháin, laistigh den teascán seo, agus ní ceadmhach acmhainn na mbád seo a úsáid áit ar bith eile sa teascán chun críche comhlíonta na scéime iontrála/imeachta as. Is ann do líon áirithe bád cladaigh a cheadúnaíodh roimhe seo faoi scéim chladaigh a bhí faofa ag Coimisiún na hEorpa agus is gá iad a iontráil ar Chlár na mBád Iascaireachta laistigh den teascán ilfhiúsach.

- *An Teascán Sainiúil:* Tá 189 soitheach sa teascán seo, agus é ar a gcumas iascaireacht a dhéanamh ar speiceas sliogánacha déchomhlacha agus uisceshaothruithe. Faoin pholasaí nua bainistíochta loingis an AE tá an teascán seo faoi réir na scéime iontrála/imeachta as den chéad uair. Cheana féin, áfach, bhí moratorium, ar leibhéal náisiúnta, ar cheadúnú a thuilleadh soitheach sa teascán seo, ach amháin trí aistriú cearta ceadúnais a bhí i bhfeidhm cheana féin. Ceapadh an polasaí seo, a bhí i bhfeidhm ó Aibreán 1999, d'fhonn deimhin a dhéanamh de chaomhnú agus shaothrú réasúnach ar an stoc de éisc dhéchomhlacha shliogánacha.

- *Teascán Uisceshaothrú:* Ní mór na soithí seo a úsáid do bhainistiú, forbairt agus seirbhísiú limistéar uisceshaothraithe amháin ach tig leo sceathrach a bhailiú ó stoic de dhiúilicíní fhiáine mar chuid de sheirbhís do shealúchas uisceshaothraithe, faoi shrianta áirithe, mar a bheidh cinnte i gcomhthéacs Alt 1 de Rialachán 1438/2003 an Choimisiúin. Níl an teascán seo, ina bhfuil 8 soitheach, faoi réir ag an réimeas iontrála/imeachta as agus níl an acmhainn atá i gceist faoi rialú na Leibhéal Tagartha.

Géilliúlacht do na Leibhéil Tagartha

Is iad na Leibhéil Tagartha do loingeas iascaireachta na hÉireann ar an 1 Eanáir 2003 mar atá leagtha síos i Rialachán 1438/2003 an Choimisiúin ná 86,981 OT (Olltonnáiste) agus 230,226 kW (kilowatt).

Ar an 1 Eanáir 2003 bhí acmhainn loingeas iascaireachta na hÉireann mar a leanas:

Teascán	**OT**	**kW**
Ilfhiúsach	41,785	143,933
Peiligeach	31,996	47,837
Trálaer Trasnáin	1,259	5,125
Sainiúil	7,484	30,999
Iomlán	**82,524**	**227,894**

Ar an 31 Nollaig 2003 bhí acmhainn loingeas iascaireachta na hÉireann mar a leanas:

Teascán	**OT**	**kW**
Ilfhiúsach	43,849	144,532
Peiligeach	32,413	47,127
Trál Trasnáin	1,352	5,346
Sainiúil	7,278	30,149
Iomlán	**84,892**	**227,154**

Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil na Leibhéil Tagartha agus na figiúir maidir le hacmhainn an loingis iascaireachta mar atá rianaithe thuas sealadach agus is féidir go gceartófar iad. Ní mór na figiúir a athcheartú lena bhfuil anseo thíos a chur san áireamh:

1. *Atomhas:* Ceadaíonn Rialachán an Choimisiúin 1438/2003 ceartú ar an Leibhéal Tagartha agus ar an staid tonnáiste acmhainne chun ceann a thógáil de chaighdeánú ar thomhas tonnáiste i dtéarmaí Olltonnáiste (OT) ag teacht le Rialachán na Comhairle 3259/94. Deineadh atomhas ar roinnt soitheach i OT ach ní raibh a luachanna fós curtha sa chlár. (Deineadh atomhas ar roinnt soitheach cláraithe agus tá a luachanna OT san áireamh sna figiúir thuas.) Déantar a thuilleadh cur síos ar atomhas loingeas iascaireachta na hÉireann anseo thíos.

2. *Soithí Cladaigh:* Beidh gá na Leibhéil Tagartha agus staid na hacmhainne a cheartú ar chríochnú an cheadúnaithe agus an chlárúcháin ar na soithí faofa faoin Scéim um Cheadúnú na mBád Traidisiúnta Iascaireachta Pota i Loingeas Iascaireachta Cladaigh na hÉireann. Chomh maith leis sin, is gá roinnt bád cladacha a bhí ceadúnaithe faoin scéim chladaigh a bhí roimhe seo ann, a iontráil i gClár na mBád Iascaireachta. Tá 202 soitheach ag fanacht le clárúchán faoin luathscéim seo, le hacmhainn iomlán de thart ar 700 OT agus 5,500 kW. Déantar soláthar do chlárú bád cladaigh, le deis a cheadú chun na scéimeanna seo a chríocnú, i bhfonóta (1) le hAguisín I de Rialachán an Choimisiúin 1438/2003 maidir le leibhéil tagartha do loingis na mBallstát. Tuigtear don Údarás Ceadúnúcháin go bhfuil soláthar déanta ag an gCoimisiún do 3,904 OT agus 35,914 kW a chuimsiú i Leibhéil Tagartha na hÉireann i leith críochnú an chláraithe ar na soithí iascaireachta cladaigh atá i gceist. Tugtar a thuilleadh eolais ar dhul chun cinn na hoibre ar an Nuascéim Chladaigh anseo thíos.

3. *Cinnte Riaracháin:* Ceadaíonn Alt 6 de Rialachán an Choimisiúin 1438/2003 go n-airmheofaí i staid acmhainne iascaireachta an loingis ar an 1 Eanáir 2003 acmhainn soithí ag iontráil an loingis bunaithe ar chinnte riaracháin a deineadh idir 1 Eanáir 2000 agus 31 Nollaig 2002, ar chuntar go ndéantar an iontráil nach déanaí ná trí bliana ó dháta an chinnte riaracháin agus nach sáraítear na Leibhéil Tagartha. Níl an soláthar 'coups partis' seo, mar a thugtar air uaireanta, ag baint le hábhar i gcomhthéacs na hÉireann maidir le huasmhéid de 4,474 OT (ag éirí as cinneadh riaracháin maidir leis an MFV Veronica a bhaint as an teascán peiligeach i 2002) agus thart ar 3,100 kW (ag éirí as cinnte riaracháin a deineadh maidir leis an teascán ilfhiúsach). Baineadh úsáid as iomlán de 889 OT i leith iontráil cheithre shoitheach sa loingeas faoi sholáthar an 'coups partis' i 2003. Tá a chuid taifead á scrúdú ag an Údarás Ceadúnúcháin faoi láthair le deimhin a dhéanamh den acmhainn kw a tháinig isteach sa loingeas i 2003 faoin soláthar 'coups partis'.

4. *Soithí an Teascáin Sainiúil:* Bhí acmhainn iomlán de 7,484 OT agus 30,999 kW ag soithí an Teascáin Sainiúil de loingeas na hÉireann ar an 31 Nollaig 2002. Cuireadh na figiúirí sin, chomh maith le liosta de uimhreacha inmheánacha na soitheach, go leictreonach, chuig an gCoimisiún i mí an Iúil 2003. Ag ríomh na leibhéil tagartha d'Éirinn don Choimisiún áfach, níor cuireadh san áireamh ach 6,706 OT agus 28,259 kW i leith na soitheach sin. Ní mór dá bhrí sin na leibhéil tagartha a ardú de 778 OT agus 2,740 kW, ag teacht le fonóta (1) le hAguisín I de Rialachán an Choimisiúin 1438/2003.

Baineann an t-eolas breise seo le hábhar maidir le monatóireacht ar ghéilliúlacht don scéim iontrála/imeachta as agus na Leibhéil Tagartha:

- Níor deonadh aon arduithe i dtonnáiste faoi fhorálacha "tonnáiste sábháilte" in Alt 11(5) de Rialachán na Comhairle 2371/2002 agus Alt 8 de Rialachán an Choimisiúin 1438/2003.
- Níor fhág aon soitheach loingeas na hÉireann le cúnamh poiblí i 2003.
- Níor tugadh faomhadh d'aon soitheach i loingeas na hÉireann maidir le athnuachan agus nuachóiriú i ndiaidh an 31 Nollaig 2002.

Imeachtaí an Údaráis Cheadúnúcháin i 2003

Próiseáil Iarratas ar Cheadúnais

Fuarthas iomlán de 149 iarratas ar cheadúnais do bháid iascaireachta mara i rith na bliana. Tarraingíodh siar 7 gcinn díobh seo níos déanaí. Faoi dheireadh na bliana bhí tairiscintí déanta maidir le 39 de na hiarratais seo agus bhí 12 ceann ceadúnaithe. Eisíodh 15 tairiscint ceadúnais agus 22 ceadúnas i leith iarratas a fuarthas i 2002.

Bhí ar an Údarás Ceadúnúcháin ceadúnú agus clárú bád iascaireachta mara a chur ar fionraí i mí an Iúil. Ní raibh dul as an gcinneadh seo a d'éirigh i dtús báire de dheasca an ghá a bhí le soiléiriú maidir le nuapholasaí bainisteoireachta loingeas an AE, agus, níos déanaí, as an riachtanas a d'éirigh as sin go bhfeidhmeofaí nuapholasaí náisiúnta ceadúnúcháin. Tar éis don Aire Treoir Pholasaí 1/2003 a eisiúint ar an 4 Samhain, bhí ar chumas an Údaráis Cheadúnúcháin atosú ar phróiseáil iarratas ar cheadúnais do shoithí sna teascáin Sainiúil agus Uisceshaothrú agus, tar éis gur eisíodh Treoir Pholasaí 2/2003 ar an 17 Samhain bhí ar chumas an Údaráis Cheadúnúcháin atosú ar phróiseáil na n-iarratas uile ar cheadúnais agus chlárúcháin.

Atomhas

Bhí an clár atomhais in Olltonnáiste (OT) ar loingeas na hÉireann cóir a bheith críochnaithe faoi dheireadh 2003. Díríodh an clár seo, den chuid is mó, ar shoithí iascaireachta idir 15m ar forfhad agus 24m ar fad cláraithe. (Go dtí sin ba ghá soithí 24m ar fad cláraithe a thomhas faoi fhorálacha Rialachán an Choimisiúin 2930/86, mar a leasaíodh é. Ríomhtar tonnáiste ag forfhad faoi bhun 15m de réir fhoirmle a leagtar amach sa Rialachán).

Chun críche an chlár atomhais ba ghá suirbhéireacht a dhéanamh ar gach soitheach ar leith, ar son Oifig Shuirbhéireachta Mara na Roinne, leis an tonnáiste a bhaint amach i dtéarmaí OT. Bhí sé de chúram ar an Údarás Ceadúnúcháin ansin atheisiúint a dhéanamh ar an gceadúnas bád iascaireachta leis an bhfigiúr tonnáiste leasaithe agus an figiúr tonnáiste a leasú i gClár Bád Iascaireachta na hÉireann. Bhí na soithí ar fad, geall leis, le forfhad de 15 méadar nó níos mó, atomhaiste i OT faoi dheireadh na bliana (bhíothas sa tóir ar thart ar 20 bád nach raibh atomhas déanta orthu), níorbh fhéidir na figiúir OT ar fad a iontráil ar an gclár roimh dheireadh na bliana, go príomha de dheasca faidhbe teicniúil maidir le ceartúchán iontrálacha áirithe maidir le tonnáiste shoithí Éireannacha ar Chlár an Chomhphobail. Bhí an tÚdarás Ceadúnúcháin i dteagmháil leis an gCoimisiún Eorpach um dheireadh na bliana leis an bhfadhb a réiteach.

Báid Phota Chladaigh

Tugadh isteach an scéim nua cheadúnúcháin agus chlárúcháin ar bháid thraidisiúnta iascaireachta pota nár cláraíodh roimhe sin sa loingeas cladaigh i 2003 tar éis a faofa ag Coimisiún na hEorpa.

Dob é 18 Meitheamh 2003 an dáta deireanach le hiarratais a bheith istigh ar cheadúnais do shoithí faoin scéim. Fuarthas thart ar 1,200 iarratas, 983 díobh faoin dáta deireanach. D'fheidhmigh Bord Iascaigh Mhara (BIM) an próiseas iarratais thar ceann an Údaráis Cheadúnúcháin.

Bhunaigh an tÚdarás Ceadúnúcháin coiste le measúnú a dhéanamh ar iarratais. Bhí ionadaíocht ar an gcoiste ag an Údarás Ceadúnúcháin, Rannán Rialaithe Bia Mara na Roinne agus BIM. Sholáthair BIM an tacaíocht fheidhmiúcháin. Dob é próiseas measúnachta a cinneadh ná, sa chéad áit go ndéanfadh fochoistí a bhunófaí ar leibhéal réigiúnach comhdhéanta de fhoireann áitiúil BIM agus an Rannáin Rialaithe Bia Mara, an measúnú tosaigh. Dhéanfadh an Coiste measúnú ansin ar na hiarratais agus ar na measúnuithe a dhein na fochoistí seo orthu.

Tar éis dóibh na hiarratais a bhreithniú thar ceann an Údaráis Cheadúnúcháin d'eisigh BIM litreacha do roinnt iarrthóirí i mí an Iúil 2003 ag iarraidh eolais nár tugadh sna hiarratais. Tugadh beartanna d'iarratais a bhí ullamh lena measúnaithe do na fochoistí agus deineadh measúnú orthu i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair. Cuireadh na hiarratais, ar mhol na fochoistí glacadh leo, faoi bhráid an Choiste le measúnú a dhéanamh orthu. Thosaigh an Coiste ag obair ar na measúnuithe faoi dheireadh na bliana.

Sábháilteacht na mBád Iascaireachta

Ar na leasuithe a deineadh ar an reachtaíocht maidir le ceadúnú bád iascaireachta in Acht 2003 tá foráil go bhfuil cosc ar an Údarás Ceadúnúcháin ceadúnas bád iascaireachta a dheonadh gan measúnú neamhspleách a bheith déanta ag duine ceartcháilithe, faofa ag an Údarás Ceadúnúcháin, ag dearbhú chun sástachta an Údaráis Cheadúnúcháin go bhfuil an bád i staid sábháilte agus muiracmhainneach. Tar éis measúnú a dhéanamh ar impleachtaí an fhoráil seo, chuaigh an tÚdarás Ceadúnúcháin i gcomhairle le Stiúrthóireacht Sábháilteachta ar Muir na Roinne maidir lena fheidhmiúchán. Bhí na cainteanna sin fós ar siúl ag deireadh na bliana agus suiteáladh socruithe maidir le géilliúlacht don fhoráil go luath i 2004.

Córas Comhtháite Faisnéise Iascaireachta (CCFI)

Thart ar dheireadh 2002 thug an Roinn bogearraí nua isteach le bainistiú a dhéanamh ar Chlár na mBád Iascaireachta. D'éirigh fadhbanna áirithe teicniúla maidir leis na taifid stairiúla sa seanchóras a chomhshlánú leis an nuachóras atá mórán réitithe anois.

Éascaíonn an córas seo gach eolas ar an loingeas a thabhairt go tráthúil don Choimisiún agus sa mhéid sin comhlíonann sé na riachtanais dlithiúla maidir le Clár Bád Iascaireachta na hÉireann ach measter ar a son sin é mar chóras eatramhach go dtí go dtabharfaidh an Roinn pacáiste cuimsitheach nua isteach chun córas comhtháite faisnéise iascaireachta a sholáthar. Beidh feidhmeanna ceadúnúcháin agus clárúcháin an Údaráis Cheadúnúcháin ina gcuid den chóras nua seo ar ngairtear "CCFI".

Déanfaidh CCFI, atá le teacht i bhfeidhm ag déanamh ar dheireadh 2004, seachadadh cuimsitheach ar eolas comhtháite ar gach gné de bhainistíocht na hiascaireachta.

Soláthróidh CCFI bunachar amháin sonraí a stórálfar go lárnach ar a mbeidh gach eolas cuí a bhaineann le riarachán agus forfheidhmiúchán iascaireachta mara. Déanfaidh sé dlúthchomhtháthú ar na próiséis difriúla ghnó a bhaineann le ceadúnúchán, clárúchán, beartais bhainistíochta, monatóireacht soitheach agus taifeadadh leabhar loinge, ag aithint go hiomlán spleáchas na nithe seo ar fad ar a chéile. Beidh rochtain ag úsáideoirí CCFI, faoi réir ag údarás agus slándáil chuí, agus is cuma cá mbeidh siad lonnaithe, ar an gcóras tríd an mbrabhsálaí Inlín ar a ndeasc nó ar a bhfeiste iniompartha. Ciallaíonn sé chomh maith gur féidir gnéithe den chóras a bheith inrochtain ag an bpobal ar infrastruchtúr poiblí an Idirlín.

Bhí foireann an Údaráis Cheadúnúcháin rannpháirteach i roinnt cheardlann agus imeachtaí eile maidir le forbairt an nuachórais.

Suíomh Idirlín

Ag teacht le halt 3(8) den Acht Iascaireachta (Leasú) 2003, tá socruithe déanta ag an Údarás Ceadúnúcháin chun go ndéanfar nuashonrú rialta ar eolas ar iarratais ar cheadúnais agus ar chinnte ceadúnúcháin agus go bhfoilseofar ar shuíomh na Roinne ar an idirlíon iad (www.dcmnr.gov.ie).

Achomhairc

Níor deineadh aon achomharc ar aon chinneadh leis an Údarás Ceadúnúcháin i rith na bliana.

Socruithe foirne agus eagraíochta

Mar seo a leanas atá an fhoireann, lasmuigh den Ard-Chláraitheoir agus an Leas-Ardchláraitheoir, atá ar fáil don Údarás:

2 Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin

3 Oifigeach Feidhmiúcháin

1 Oifigeach Foirne

2 Oifigeach Cléireachais.

Tugtar cúnamh don Údarás Ceadúnúcháin chomh maith i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna tríd an gceangal leanúnach atá ann le Rannán Polasaí agus Forbartha Bia Mara agus Rannán Rialaithe Bia Mara na Roinne chomh maith le rannáin lárnacha na Roinne.

Táim buíoch den Leas-Ardchláraitheoir, an tUasal James Moloney, agus d'fhoireann an Údaráis Cheadúnúcháin, agus de rannáin eile na Roinne, as a dtacaíocht agus a gcúnamh lena chur ar chumas an Údaráis Cheadúnúcháin a chuid feidhmeanna a chur i gcrích.

Aidan Hodson
Ard-Chláraitheoir na mBád Iascaireachta
Meitheamh 2004